Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13290/22**

**CES 29**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<br>- Glacadh |

1. I litir dar dáta an 8 Márta 2022, chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) in iúl don Chomhairle go raibh Norbert KLUGE de CESE, tar éis éirí as oifig.[1]

2. I litir dar dáta an 11 Lúnasa 2022, mhol Rialtas na Gearmáine Maxi Catharina LEUCHTERS, *Referatsleiterin für Unternehmensrecht und Corporate Governance, Institut für Mitbestimmung und Unternehmensführung (I.M.U.) der Hans-Böckler-Stiftung* (Ceann Aonaid um Dhlí Corparáideach agus Rialachas Corparáideach, Institiúid um Chomhbhainstíocht agus Rialachas Corparáideach (I.M.U) de chuid Fhondúireacht Hans-Böckler), lena gceapadh mar chomhalta de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.[2]

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, ceapann an Chomhairle comhaltaí an Choiste tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

[1] 7497/22.
[2] 11065/22.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an ainmniúchán an 12 Meán Fómhair 2022 agus fuarthas tuairim fhabhrach uaidh ina leith an 12 Deireadh Fómhair 2022.[3]

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 12271/22 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag cruinniú a bheidh ann amach anseo.

---

[3] C(2022)7158.